

Gaeilge	English
<p>Fadó, fadó, bhí trí mhuc ann. Thóg an chéad mhuc teach tuí. Bhí an teach go hálainn. Bhí an chéad mhuc an-sásta.</p> <p>Thóg an dara muc teach adhmaid. Bhí an teach go hálainn. Bhí an dara muc an-sásta.</p> <p>Thóg an tríú muc teach brící. Bhí an teach go hálainn. Bhí an tríú muc an-sásta.</p> <p>Bhí na trí mhuc ag imirt peile sa ghairdín. Tháinig mactíre mór gránna. Chonaic an mactíre gránna na muca. Bhí eagla ar na muca.</p> <p>Rith an chéad mhuc isteach sa teach tuí. Dhún sé an doras de phlab. Rith an dara muc isteach sa teach adhmaid. Dhún sé an doras de phlab. Rith an tríú muc isteach sa teach brící. Dhún sé an doras de phlab.</p> <p>Bhí ocras ar an mactíre gránna. Chuaigh sé go dtí an teach tuí.</p> <p>Bhuail sé cnag ar an doras. 'Lig isteach mé, lig isteach mé,' arsa an mactíre gránna. Shéid sé agus shéid sé agus leag sé an teach tuí. Rith an chéad mhuc go dtí an teach adhmaid. D'oscail an dara muc an doras dó agus isteach leis sa teach adhmaid.</p> <p>Chuaigh an mactíre gránna go dtí an teach adhmaid. Bhuail sé cnag ar an doras. 'Lig isteach mé, lig isteach mé,' arsa an mactíre gránna. Shéid sé agus shéid sé agus leag sé an teach adhmaid. Rith an chéad mhuc agus an dara muc go dtí an teach brící.</p> <p>D'oscail an tríú muc an doras dóibh agus isteach leo sa teach brící. Chuaigh an mactíre gránna go dtí an teach brící. Bhuail sé cnag ar an doras. 'Lig isteach mé, lig isteach mé,' arsa an mactíre gránna. Shéid sé agus shéid sé ach níor leag sé an teach brící.</p> <p>Tháinig an mactíre gránna anuas an simléar. Chuir na trí mhuc pota mór uisce ar an tine. Thit sé isteach san uisce. Bhí an t-uisce an-te. Fuair an mactíre bás. Bhí áthas ar na muca. Thosaigh siad ag damhsa.</p>	<p>Long ago there were three pigs. The first pig built a straw house. The house was lovely. The first pig was very satisfied.</p> <p>The second pig built a wooden house. The house was lovely. The second pig was very satisfied.</p> <p>The third pig built a brick house. The house was lovely. The third pig was very satisfied.</p> <p>The three pigs were playing football in the garden. A big ugly wolf came. The ugly wolf saw the pigs. The pigs were scared.</p> <p>The first pig ran into the straw house. He slammed the door shut. The second pig ran into the wooden house. He slammed the door shut. The third pig ran into the brick house. He slammed the door shut.</p> <p>The ugly wolf was hungry. He went to the straw house. He knocked on the door. 'Let me in, let me in' said the ugly wolf. He blew and blew and he knocked the straw house. The first pig ran to the wooden house. The second pig opened the door for him and he went into the wooden house.</p> <p>The ugly wolf went to the wooden house. He knocked on the door. 'Let me in, let me in' said the ugly wolf. He blew and blew and he knocked the wooden house. The first pig and the second pig ran to the brick house.</p> <p>The third pig opened the door for them and they went into the brick house. The ugly wolf went to the brick house. He knocked on the door. 'Let me in, let me in,' said the ugly wolf. He blew and he blew but he didn't knock the brick house.</p> <p>The ugly wolf came down the chimney. The three pigs put a big pot of water on the fire. He fell into the water. The water was very hot. The wolf died. The pigs were happy. They started dancing.</p>